An Roinn Coimirce Sóisialaí
Department of Social Protection

An tAcht um Inscne a Aithint 2015

Tuarascáil Bhliantúil i gcomhair 2021

(A ullmhaíodh de réir alt 6 den Acht)

30 Meitheamh 2022

Clár

1. Réamhrá ..... **Error! Bookmark not defined.**
2. Cúlra 1
3. Leasuithe reachtacha 2
4. Intofacht agus iarratais 2
5. Deimhniú breithe nua a eisiúint 4
6. Forálacha eile d'Acht 2015 6
   - Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn 6
   - Aitheantas i ndlínse eile 7
7. Cúlghairmeacha 7
8. Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne 7
9. Pasanna agus Saoránacht 7
   - Pasanna 7
   - Náisiúntacht agus Saoránacht 8
10. Clár aitheantais inscne na n-uchtálacha idir tíortha 8
11. Athbhreithniú ar oibriú an Achta 8

1. **Réamhrá**

Tá an Tuarascáil Bhliantúil seo ullmhaithe chun na dualgais atá leagtha amach in alt 6 den Acht um Inscne a Aithint 2015 a chomhlíonadh.

Cuirtear eolas ar fáil sa tuarascáil ar oibriú na bpróiseas agus oibriú na nósanna imeachta a leagtar síos san Acht. Eolas ar iarratais a rinneadh ar dheimhniú aitheantais inscne, iarratais ina mbíonn aitheantas ag an iarratasóir cheana i ndlínse eile, iarratais ón sealbhóir ar dheimhniú aitheantais inscne a chúlghairm; cúlghairmeacha ag an Aire ar dheimhnithe aitheantais inscne, agus deimhniú aitheantais inscne a cheartú.

Is í seo an seachtú tuarascáil le bheith foilsithe faoin Acht agus cumhdaíonn sí an tréimhse ón 1 Eanair 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021. Tá tuarascálacha bliantúla ó bhlianta roimhe seo le fáil ar láithreán gréasáin Rialtas na hÉireann[1].

2. **Cúlra**

Ba ó Ordú de chuid na hArd-Chúirte i Márta na bliana 2008 a d'eascair an gá le reachtaíocht a thabhairt isteach sa réimse seo. Dearbhaíodh san Ordú go raibh ailt áirithe den Acht um Chlárú Sibhialta 2004 ar neamhréir le dualgais an Stáit faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine toisc nach ndearnadh foráil maidir le próiseas aitheantais inscne. Pléitear leis seo san Acht trína fhoráil go n-aithneoidh an Stát rogha inscne an duine go hiomlán chun gach críche. Baintear é seo amach trí dheimhniú aitheantais inscne a bheith eisithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Luaitear go sonrach in alt 18 den Acht:

> *'I gcás go n-eiseofar deimhniú aitheantais inscne chuig duine, is í inscne an duine ó dháta na heisiúna sin, chun gach críche, an rogha inscne sa dóigh, más í an inscne fhireann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas fir, agus, más í an inscne bhaineann an rogha inscne, gurb é gnéas an duine gnéas mná.'*

Áirítear le heochairéifeachtaí eile na reachtaíochta dóibh siúd ar mian leo go n-aithneofar a n-inscne:

- Is féidir leis an duine a n-aithnítear a rogha inscne deimhniú breithe nua a fháil ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin (Oifig an Ard-Chláraitheora) ina dtaispeántar an rogha inscne agus na hainmneacha nua (má dhéantar athrú ar na hainmneacha freisin) i gcás go gcláraítear a bhreith/breith in Éirinn.

- Ní dhéantar difear do leanúint ná d'aitheantas ar chearta ná ar dhliteanais an duine ná ar iarmhairtí na ngníomhartha a rinne an duine ina inscne/hinscne bhunaidh roimh

[1] https://www.gov.ie/en/publication/292d01-annual-reports-under-section-6-of-the-gender-recognition-act-2015/

dháta an aitheantais.

Áirítear le príomhghnéithe an Achta forálacha ina leith seo a leanas:

- Samhail féindearbhúcháin do dhaoine trasinscne atá 18 mbliana d'aois nó níos sine ná sin chun aitheantas ar a n-inscne a lorg;
- An téarma 'rogha inscne' a úsáid i bhfoclaíocht an Achta;
- Socruithe i gcomhair an aitheantais inscne do leanaí atá idir 16 bliana d'aois agus 18 mbliana d'aois;
- Duine a chlárú i gClár Aitheantais Inscne lena gceadaítear deimhnithe breithe a eisiúint faoi rogha ainm an duine agus i rogha inscne an duine; agus
- An reachtaíocht a chur in oiriúint ó thaobh pasanna a eisiúint chuig daoine trasinscne agus gnéithe eile den tsaoránacht.

3. Leasuithe reachtacha

Foráladh san Acht ar dtús nárbh fholáir d'iarratasóir ar dheimhniú aitheantais inscne a bheith neamhphósta. Cuireadh deireadh leis an gceanglas seo san Acht um Pósadh 2015. Cé nach bhfuil aon leasú eile déanta ar an Acht, tá dréachtleasuithe eile faofa ag an Rialtas mar fhreagairt ar na moltaí in Athbhreithniú[2] an Achta a foilsíodh.

4. Intofacht agus iarratais

Is féidir le duine iarratas ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a dhéanamh chuig an Aire Coimirce Sóisialaí má tá sé nó sí 18 mbliana d'aois ar a laghad agus má tá sé nó sí:

- cláraithe i gclár na mbreitheanna in Éirinn, NÓ
- cláraithe sa chlár d'uchtleanaí in Éirinn, NÓ
- cláraithe i gclár na n-uchtálacha idir tíortha in Éirinn, NÓ
- cláraithe i leabhar taifeadta breitheanna coigríche nó i gclár na mbreitheanna coigríche atá á chothabháil ag an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Aon duine a rugadh lasmuigh den Stát ach a bhfuil gnáthchónaí sa Stát air nó uirthi, féadfaidh sé nó sí iarratas a dhéanamh freisin.

Leanaí

Thairis sin, is ceadmhach iarratas a dhéanamh thar ceann linbh a bhfuil 16 bliana d'aois

[2] https://www.gov.ie/en/consultation/001721-review-of-the-gender-recognition-act-2015/

slánaithe aige nó aici má fhaightear ordú cúirte lena ndíolmhaítear an leanbh ón gceanglas aoise a chomhlíonadh. Ní hann d'aon fhoráil d'aitheantas inscne do leanaí atá faoi bhun 16 bliana d'aois.

Aitheantas inscne coigríche

Is féidir le duine, a bhfuil inscne athraithe aige nó aici faoi dhlí stáit eile, iarratas ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a dhéanamh chun an Aire.

Iarratais ar Dheimhniú Aitheantais Inscne

Is í an Roinn Coimirce Sóisialaí a phróiseálann na hiarratais ar aitheantas inscne. Faoi alt 8(3) den Acht, is féidir leis an Aire breith a thabhairt deimhniú aitheantais inscne a eisiúint nó diúltú deimhniú aitheantais inscne a eisiúint. Má thugtar breith iarratas a dhiúltú, ní foláir don Aire, faoi alt 8(5), an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi na cúiseanna leis an mbreith agus faoi cheart an iarratasóra chun achomharc a dhéanamh i gcoinne na breithe chuig an gCúirt Teaghlaigh Chuarda. Ní foláir achomharc a dhéanamh laistigh de 90 lá ó dháta an fhógra.

Nuair a bheidh an t-iarratas próiseáilte, eiseofar deimhniú aitheantais inscne laistigh de 2-3 lá ón gcinneadh chun deimhniú a dheonú a bheith déanta.

Ba é líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a fuair an Roinn Coimirce Sóisialaí sa bhliain 2021 ná 195. Tugtar eolas i d**Tábla 1** ar líon na n-iarratas i leith na tréimhse idir an bhliain 2015 agus an bhliain 2021.

Tábla 1 – Iarratais agus torthaí i dtaca le Deimhnithe Aitheantais Inscne

Bliain	Iarratais a fuarthas sa bhliain			Iarratais a deonaíodh sa bhliain[§]			Iarratais a diúltaíodh		
	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán	Aois 16/17	Aois 18+	Iomlán
2021	1	194	**195**	1	194	**195**	Dada	Dada	Dada
2020	1	114	**115**	1	107	**108**	Dada	Dada	Dada
2019	2	166	**168**	1	159	**160**	Dada	Dada	Dada
2018	2	131	**133**	2	122	**124**	Dada	Dada	Dada
2017	3	96	**99**	2	95	**97**	Dada	1	**1**
2016	6	104	**110**	6	103	**109**	Dada	Dada	Dada
2015[∞]	2	87	**89**	2	87	**89**	Dada	Dada	Dada
Iomláin	**15**	**584**	**599**	**13**	**566**	**579**	**Dada**	**1**	**1**

[§] D'fhéadfaí iarratais a fuarthas i mbliain amháin a dheonú i mbliain ina dhiaidh sin mar d'fhéadfadh cinneadh ar iarratas a bheith ar feitheamh i ndeireadh aon bhliana ar leith.

[∞] 2015: Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

Is féidir iarratas a dhiúltú más amhlaidh nach bhfuil duine intofa chun iarratas a dhéanamh (mar atá foráilte in alt 9 den Acht); nó má tá rogha inscne an duine de chineál seachas inscne fhireann nó inscne bhaineann, rud nach bhfuil faoi chumhdach fhorálacha an Achta; nó má tá an t-iarratas á dhéanamh i leith duine a bhfuil 16 nó 17 de bhlianta d'aois slánaithe

aige nó aici ach gan an díolúine a cheanglaítear faoi alt 12 a bheith curtha ar fáil.

5. Deimhniú breithe nua a Eisiúint

Rinneadh an tAcht um Chlárú Sibhialta 2004 a leasú leis an Acht um Inscne a Aithint 2015 trína cheangal ar an Ard-Chláraitheoir clár aitheantais inscne a bhunú agus a chothabháil. Nuair a bheidh deimhniú aitheantais inscne faighte ag duine ón Roinn Coimirce Sóisialaí, féadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar a bheith ar áireamh sa Chlár. Ansin féadfar deimhniú breithe a eisiúint ina dtaispeánfar inscne nua agus ainm nua an duine, ar bhonn an eolais a bheidh taifeadta sa Chlár.

Tá an chuma ar na deimhnithe breithe ón gClár cosúil leis an gcuma ar na deimhnithe a eisítear ó Chlár na mBreitheanna agus comhlíonann siad gach ceanglas dlí ó thaobh na ndeimhnithe de.

Foráiltear in Alt 30D den Acht um Chlárú Sibhialta go gcothabhálfaidh an tArd-Chláraitheoir treoir chun gurb inrianaithe an ceangal idir gach taifead sa Chlár agus an taifead comhfhreagrach i gClár na mBreitheanna nó sa Chlár d'Uchtleanaí. Foráiltear freisin san alt seo den Acht go nach mbeidh an treoir lena gcumasaítear an ceangal idir na Cláir ar oscailt lena hiniúchadh ag an bpobal, ná nach dtabharfar aon fhaisnéis as an treoir sin d'aon duine ach amháin le hordú ó chúirt. Is chun príobháideachas an duine lena mbaineann a chinntiú a bhíonn na forálacha seo i bhfeidhm.

Chun a thuilleadh rúndachta a chinntiú, ní fhéadfar na deimhnithe breithe ina dtaispeánfar inscne nua an duine agus (más bainteach) ainm nua an duine, a fháil ach ón bPríomh-Oifig Chlárúcháin (Oifig an Ard-Chláraitheora), agus ní fhéadfaidh ach an duine lena mbaineann an deimhniú breithe nó, má tá sé/sí marbh, daoine marthanacha dá t(h)eaghlach, é sin a dhéanamh. Déantar cur síos i d**Tábla 2** ar líon iomlán na gclárúchán ag an bPríomh-Oifig Chlárúcháin (Oifig an Ard-Chláraitheora) sa Chlár Aitheantais Inscne arna anailísiú de réir aoise.

Ba é líon iomlán na gclárúchán a rinneadh ar an gClár Aitheantais Inscne i rith na bliana 2021 ná 108. Ní dhearnadh aon cheann acu i leith duine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Ar an iomlán, baineann breis agus dhá-thrian de na clárúcháin le daoine idir 18 agus 30 de bhlianta d'aois – sa bhliain 2021, bhain 85 nó breis agus 78% de na clárúcháin le daoine san aoischohórt seo.

Tábla 2 - Clárúcháin ar an gClár Aitheantais Inscne de réir aoise

Raon	2015[∞]	2016	2017	2018	2019	2020	2021	Iomlán
16-17	1	5	2	2	0	1	0	**11**
18-30	16	46	37	57	82	55	85	**378**
31-40	11	9	7	5	8	7	15	**62**
41-50	12	4	7	6	4	3	6	**42**
51-60	8	7	3	5	4	3	1	**31**
61+	8	6	4	0	4	2	1	**25**
	56	**77**	**60**	**75**	**102**	**71**	**108**	**549**

[∞] 2015: Ó Thosach Feidhme an Achta an 4 Meán Fómhair 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015

I dTábla 3 cuirtear a thuilleadh anailíse ar fáil de na sonraí seo de réir inscne i dtaca le taifid sa chlár.

Tábla 3 – Clár Aitheantais Inscne 2015-2021 de réir inscne

	2015	2016	2017	2018	2019	2020	2021	Iomlán
Baineann	41	43	32	29	47	32	51	**275**
Fireann	15	34	28	46	55	39	57	**274**
Iomlán	**56**	**77**	**60**	**75**	**102**	**71**	**108**	**549**

Fíor 1 - Clár Aitheantais Inscne 2015-2021 de réir inscne



I dTábla 4 cuirtear a thuilleadh eolais ar fáil faoin raon aoise de réir inscne na ndaoine sin a bhí ar áireamh sa chlár.

Tábla 4 – Clár Aitheantais Inscne 2015-2021 de réir inscne agus de réir aoise

Aois	Fireann	Baineann
16-17 de bhlianta	9	2
18-30 de bhlianta	236	142
31-40 de bhlianta	21	41
41-50 de bhlianta	6	36
51-60 de bhlianta	1	30
61 bhliain d'aois agus níos sine	1	24
Iomlán	**274**	**275**

Fíor 2: Dáileadh an chlárúcháin i dtaca le gach inscne de réir aoise



6. Forálacha eile d'Acht 2015

Cónaitheoirí nár rugadh in Éirinn

Faoi alt 9(1)(b) den Acht féadfaidh duine a bhfuil cónaí air/uirthi sa Stát ach nár rugadh in Éirinn iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. Ba chuig daoine a raibh cónaí orthu sa Stát ach nár rugadh in Éirinn a eisíodh 38 de na 115 dheimhniú aitheantais inscne a eisíodh sa bhliain 2021. Bhí gach duine de na hiarratasóirí 18 mbliana d'aois nó níos sine ná sin. Tá 169 ndeimhniú aitheantais inscne eisithe go hiomlán faoin alt seo ó thosach feidhme an Achta.

Aitheantas i ndlínse eile

Ceadaíonn alt 11(2) den Acht do dhuine a d'athraigh a inscne/hinscne i ndlínse eile iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne. Fuarthas trí (3) hiarratas faoin alt seo i rith na bliana 2021. Tá 15 dheimhniú eisithe go hiomlán faoin bhforáil seo ó thosach feidhme an Achta.

7. Cúlghairmeacha

Faoi alt 14 den Acht d'fhéadfadh an tAire deimhniú aitheantais inscne a chúlghairm dá bhfaighfí faisnéis a bheadh ina cúis le diúltú an deimhnithe, dá mba rud é go raibh an fhaisnéis sin faighte sular eisíodh an deimhniú. Ní raibh aon deimhniú aitheantais inscne cúlghairthe ag an Aire sa bhliain 2021 faoin alt seo.

I gcás gur mian le sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne filleadh ar a inscne/hinscne bhunaidh, ceadaíonn alt 15 den Acht dó/di iarratas a dhéanamh chun an Aire ar an deimhniú a chúlghairm. Ní bhfuarthas aon iarratas i rith na bliana 2021 ar dheimhniú aitheantais a chúlghairm faoin alt seo. Rinneadh trí chúlghairm ó cuireadh tosach feidhme leis an Acht, agus iarratasóirí a bhí ní ba shine ná 18 mbliana d'aois ab ea iad go léir.

8. Leasuithe ar dheimhnithe aitheantais inscne

Faoi alt 16 den Acht is féidir le sealbhóir Deimhnithe Aitheantais Inscne iarratas a dhéanamh chun an Aire ar an deimhniú a leasú más ann d'earráid chléireachais nó earráid fíorais in ábhar an deimhnithe. Ní bhfuarthas aon iarratais i rith 2021 ar Dheimhniú Aitheantais Inscne a leasú. Níl ach ceithre leasú déanta ó thosach feidhme an Achta.

9. Pasanna agus Saoránacht

Pasanna

Déantar Acht na bPasanna 2008 a leasú le hAlt 38 den Acht um Inscne a Aithint sa chaoi go bhféadfaidh sealbhóir deimhnithe aitheantais inscne iarratas a dhéanamh chun an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála d'fhonn pas a eisiúint faoin ainm agus san inscne a shonraítear ar an deimhniú aitheantais inscne.

Tá 117 bpas eisithe ag an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála chuig sealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne i rith na bliana 2021 – eisíodh trí (3) cinn acu siúd chuig daoine a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois. Tá 345 phas eisithe ó thosach feidhme an Achta chuig

sealbhóirí deimhnithe aitheantais inscne, agus eisíodh 11 phas acu siúd chuig daoine a bhí faoi bhun 18 mbliana d'aois.

Náisiúntacht agus Saoránacht

Ionas gur féidir cead a thabhairt do dhuine ar chlár na mbreitheanna coigríche a chur faoi deara go n-aithneofar a rogha inscne, leasaíodh le halt 31 den Acht mír den Acht Náisiúntachta agus Saoránachta Éireann 1956 chun foráil a dhéanamh go ndéanfadh an Roinn Gnóthaí Eachtracha clár aitheantais inscne na mbreitheanna coigríche a bhunú agus a chothabháil. Níorbh fhéidir iarratas a dhéanamh faoin bhforáil seo roimh an 1 Nollaig 2017 nuair a tháinig rialacháin i ngníomh a thug éifeacht don alt seo[3]. Ní dhearnadh aon iarratas, ná níor deonaíodh aon iarratas, faoin bhforáil seo sa bhliain 2021. Deonaíodh 10 ndeimhniú go hiomlán faoin bhforáil seo ó thosach feidhme an Achta.

10. Clár aitheantais inscne na n-uchtálacha idir tíortha

Leasaíodh an tAcht Uchtála 2010 le hAlt 33 den Acht um Inscne a Aithint 2015 chun cead a thabhairt d'Údarás Uchtála na hÉireann "clár aitheantais inscne na n-uchtálacha idir tíortha" a bhunú. Níor cuireadh aon chlárúchán ar chlár aitheantais inscne na n-uchtálacha idir tíortha i rith na bliana 2021. Fuarthas sé hiarratas go hiomlán faoin bhforáil seo ó thosach feidhme an Achta.

11. Athbhreithniú ar oibriú an Achta

I gcomhréir le forálacha Alt 7 den Acht, críochnaíodh athbhreithniú ar oibriú an Achta i gcaitheamh na bliana 2018 agus foilsíodh é, mar aon le freagairt an Aire, i dtreo dheireadh na bliana 2019. Leagtar amach in aguisín 1 moltaí an ghrúpa athbhreithniúcháin.

Rinne an grúpa athbhreithniúcháin seo moltaí chun reachtaíocht a thabhairt isteach a dhéanfadh an méid seo a leanas:

- An bealach i dtreo an aitheantais inscne de réir dlí a dhéanamh níos simplí i dtaca le daoine a bhfuil 16/17 de bhlianta d'aois slánaithe acu trí shocrú i gcomhair an fhéindearbhúcháin le toiliú na dtuismitheoirí a thabhairt isteach; próiseas simplí cúlghairme; agus trí thacaíocht le headráin teaghlaigh a sholáthar ar bhonn deonach.

[3] Baineann I.R. Uimh. 539/2017 – Na Rialacháin um Aitheantas Inscne na mBreitheanna Coigríche 2017 – leis seo. Tá an Ionstraim ar fáil anseo:
http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/si/539/made/en/print

- É a shoiléiriú go follasach ar dheimhniú aitheantais inscne do dhaoine atá 16/17 de bhlianta d'aois go bhfuil an deimhniú á dheonú ar bhonn an fhéindearbhúcháin amháin (chun é a dhéanamh níos soiléire go bhfuil an t-aitheantas inscne de réir dlí ar deighilt agus ar leithligh ó aon cheist i dtaobh na hidirghabhála leighis).

- É a fhoráil go bhféadfar feidhm a bhaint as deimhniú aitheantais inscne chun cruthúnas a chur ar fáil gur athraíodh ainm chomh maith le cruthúnas ar athrú inscne.

- É a fhoráil go gceadófaí do shaoránaigh Éireannacha a rugadh lasmuigh den Stát agus a bheadh ag cónaí lasmuigh den Stát (agus Tuaisceart Éireann san áireamh) iarratas ar dheimhniú aitheantais inscne a dhéanamh.

Bhain na moltaí reachtaíochta le leanaí os cionn 16 bliana d'aois ach aontaíodh go ndéanfaí a thuilleadh taighde a choimisiúnú d'fhonn scrúdú a dhéanamh ar na hábhair imní i ndáil le reachtaíocht ar mhaithe le haitheantas inscne do leanaí faoi bhun 16 bliana d'aois.

Ina theannta sin, mhol an Grúpa Athbhreithniúcháin go ndéanfaí an t-aitheantas inscne de réir dlí a shíneadh go dtí daoine neamh-dhénártha, ach san am céanna aithníodh castacht na ceiste agus admhaíodh go bhféadfadh anailís chuimsitheach tionchair a bheith ag teastáil.

Cuireadh stad leis an obair ar thabhairt chun cinn na moltaí mar gheall ar Phaindéim COVID-19 agus rinneadh an obair sin a atosú sa tríú ráithe den bhliain 2021. Bhí na gníomhartha seo a leanas faoi bhealach i ndeireadh na bliana 2021:

- D'fhaomh an Rialtas reachtaíocht chun éifeacht a thabhairt don mholadh go ndéanfaí athruithe ar phróiseas an iarratais do dhaoine a bhfuil 16/17 de bhlianta d'aois slánaithe acu agus bhí an reachtaíocht sin á dréachtú.

- Iarradh ar Ranna agus ar chomhlachtaí poiblí eile céimeanna dearfacha a ghlacadh chun feabhas a chur ar scéal na ndaoine neamh-dhénártha agus chun measúnacht a dhéanamh ar sholáthar do dhaoine nach ndéanann féinaithint ar a ngnéas mar ghnéas fir ná mar ghnéas mná.

- Bhí breithniú á dhéanamh ar an raon a bheadh ag taighde chun scrúdú a dhéanamh ar an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr ó thaobh an phróisis chun aitheantas inscne a dheonú do leanaí atá faoi bhun 16 bliana d'aois.

- I dtaca leis na hathruithe oibríochtúla a mhol an grúpa athbhreithniúcháin agus nár éiligh athrú ar an reachtaíocht, bhíodar curtha i ngníomh nó i mbéal a bheith á gcur ar aghaidh.

Meitheamh 2022

Aguisín 1 – Moltaí an Ghrúpa Athbhreithniúcháin

Moladh 1:

Ba cheart go dtabharfaí córas aitheantais inscne isteach do leanaí ar aois ar bith, faoi réir na n-eochairphrionsabal seo a leanas:

- Toiliú na dtuismitheoirí a bheith ag teastáil (chomh maith le próiseas dlíthiúil cuí chun plé le cásanna nuair nach bhfuil toiliú ón mbeirt thuismitheoirí ann nó nach féidir nó nach sábháilte amhlaidh a fháil),
- Próiseas riaracháin a bheadh ann,
- Próiseas neamhchasta cúlghairme,
- Tacaíocht tríú páirtí don leanbh agus don teaghlach atá i gceist.

Moladh 2A:

Ba cheart go gcuirfí aitheantas dlíthiúil inscne ar fáil do dhaoine neamh-dhénártha.

Moladh 2B:

Mar chuid d'athbhreithniú trasrannach rialtais ar na leasuithe rialacháin a mholtar, féadfaidh measúnacht tionchair a bheith a bheith faoi bhreithniú.

Moladh 2C:

Ba chóir do Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí eile tabhairt faoi aon bhearta dearfacha is féidir leo a dhéanamh láithreach chun scéal na ndaoine atá neamh-dhénártha a fheabhsú.

Moladh 3:

Maidir leis na bearta ar fad a dhéanfaí chun an teacht ar aitheantas inscne a fheabhsú, ó thaobh aoise agus ó thaobh féiniúlachta inscne (dénártha nó neamh-dhénártha), ba cheart go dtabharfaidís teacht dá leithéid do dhaoine idirghnéasacha freisin.

Moladh 4:

Ba chóir don Roinn Coimirce Sóisialaí, agus Oifig an Ard-Chláraitheora, córas uimhrithe a thabhairt isteach a bheadh mar an gcéanna leis an gceann a úsáidtear i dtaca le deimhnithe breithe, ina nglactar an t-eolas ó chlár na mbreitheanna

Ba cheart go mbeadh feidhm aige seo maidir le deimhnithe nua agus ba cheart an rogha ó thaobh deimhniú athsholáthair a thabhairt, a bheith ar fáil do dhaoine a bhfuil deimhniú acu cheana féin ach gan aon uimhir thagartha a bheith air sin (agus an táille ar dheimhniú athsholáthair a eisiúint a tharscaoileadh).

Moladh 5:

Ba cheart go ndéanfaí alt 10 den Acht a úsáid (de réir mar atá sé achtaithe cheana nó trí leasú ar an reachtaíocht) chun athrú dlíthiúil ar ainm a cheadú mar chuid den phróiseas aitheantais inscne.

Moladh 6A:

Ba cheart go gcuirfí socruithe i bhfeidhm chun a cheadú do shaoránaigh Éireannacha a rugadh i dTuaisceart Éireann agus atá ina gcónaí lasmuigh den Stát, iarratas a dhéanamh ar dheimhniú aitheantais inscne.

Moladh 6B:

Ba cheart go ndéanfaí an cheist ó thaobh deimhnithe breithe leasaithe a eisiúint, a tharraingt anuas le húdaráis na Ríochta Aontaithe ar leibhéal oifigiúil.

Moladh 7:

Ba cheart go ndéanfadh ranna agus gníomhaireachtaí scrúdú ar bhealaí chun próisis iarratais a chuíchóiriú; idircheangal idir Ranna a fheabhsú; agus costais a laghdú chun cáipéisí oifigiúla, amhail deimhnithe breithe agus pas, a athsholáthar.

Moladh 8:

Ba cheart go ndéanfadh gach Roinn/Comhlacht ábhartha an Rialtais scrúdú ar conas a d'fhéadfadh próisis riaracháin, nuair a bheadh Deimhniú Aitheantais Inscne eisithe, a athchóiriú chun éifeachta, agus san am céanna príobháideachas an duine a bheith á chosaint.

Moladh 9:

Ba cheart go gcríochnófaí athbhreithniú ar an Acht, agus aon mheasúnacht tionchair maidir le reachtaíocht a thabhairt isteach chun aitheantas dlíthiúil inscne a thabhairt do dhaoine neamh-dhénártha, laistigh de chúig bliana ó thosach feidhme aon reachtaíochta leasaithe a d'achtófaí mar bheart ag eascairt as an athbhreithniú seo. Chlúdódh an t-athbhreithniú sin aon fhorálacha nua in aon reachtaíocht leasaithe.

Moladh 10A:

Ba chóir don Roinn Coimirce Sóisialaí leabhrán furasta le léamh a fhoilsiú ina leagfaí amach na céimeanna chun Deimhniú Aitheantais Inscne a fháil mar aon le hiontráil ar an gclár aitheantais inscne. Ba chóir go gcuimseodh sé seo comhairle maidir leis na chéad chéimeanna eile a bheadh le glacadh, lena n-áireofaí na Ranna Rialtais agus Comhlachtaí Stáit eile a bhféadfaí go mba ghá teagmháil a dhéanamh leo chun taifid phearsanta a chur bord ar bhord leis an eolas is déanaí.

Moladh 10B:

Molann an grúpa freisin go n-ullmhófar leabhrán i gcomhair Ranna Rialtais, Comhlachtaí eile an Stáit, agus eagraíochtaí earnála príobháidí, ina leagfar amach an chaoi a mbainfidh an tAcht leo.